**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 11 MEITHEAMH 2015 – MAIDIN 9.30 go 12.00**

**FREAGAIR**

**(A)** **Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** AGUS
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS I dTEANNTA AN FHREAGARLEABHAIR A ÚSÁIDTEAR CHUN CUID 2 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1
**(100 marc)**
## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| UMB (*ATM*) | |
| UAP (*PIN*) | |
| CCÚT (*DIRT*) | |

**2.** Mínigh na tréithe fiontraíochta seo a leanas:

(i) Nuálach: ______________________________

______________________________

(ii) Glacadóir Rioscaí: ______________________________

______________________________

**3.** Comhlánaigh an tábla seo a leanas, a thagraíonn do shamplaí de Theicnící Tionscnaimh.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i gcás gach sampla.

| **Samplaí** ↓ | **Teicnící Tionscnaimh** | | |
|---|---|---|---|
| | **Fógraíocht** | **Tionscnamh (Cur chun cinn) Díolacháin** | **Caidreamh Poiblí** |
| Ceannaigh Ceann agus Gheobhaidh tú Ceann Eile in Aisce | | | |
| Cláir Fógraí | | | |
| Preasocáid | | | |
| Samplaí in Aisce | | | |

**4.** Mínigh an téarma 'Dliteanas Teoranta'.

______________________________

______________________________

______________________________

**5.** Ainmnigh **dhá** institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh (AE):

(i) ____________________

(ii) ____________________

**6.** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais deiridh Bhréanainn Teo. ar 31/12/2014:
Ríomh Corrlach an Bhrabúis Ghlain. (Taispeáin do chuid oibre.)

Brabús glan €110,000

Díolacháin €880,000

**Corrlach an Bhrabúis Ghlain**

**Freagra:** __________%

| FOIRMLE | DO CHUID OIBRE |
|---|---|
| | |

**7.** Déan liosta de **dhá** fhoras faoi Dhlí na gConarthaí **ina bhfuil** Inniúlacht Chonraithe ag duine (i.e. conradh a dhéanamh go dlíthiúil).

(i) ____________________

(ii) ____________________

**8.** Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú (tá focal amháin ann nach mbaineann le hábhar):

**Caighdeánaithe** **Straitéiseach** **Aonair**

Féachann gnóthaí domhanda ar an domhan mar mhargadh____________________ amháin agus úsáideann siad meascadh (cumasc) margaíochta domhanda nó oiriúnaithe chun táirge ____________________ a dhíol.

**9.** Breac síos **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas ar Theoiricí Inspreagtha:

| RÁITEAS | FÍOR nó BRÉAGACH |
|---|---|
| Teoiric X agus Teoiric Y a thugtar ar Theoiric McGregor faoin inspreagadh. | |
| Baineann riachtanais Fhiseolaíocha/Fhisiceacha leis an riachtanas le post sábháilte slán. | |
| Is iad na fostaithe atá ard-inspreagtha is cúis le táirgeacht íseal san ionad oibre. | |
| Le riachtanais bhia agus foscaidh a bhaineann riachtanais Shóisialta/Inghlacthachta. | |
| Chreid Maslow nuair a shásaítear riachtanas amháin go dtagann an chéad riachtanas eile chun cinn mar inspreagthóir. | |

**10.** Tabhair breac-chuntas ar an gcuspóir atá leis na foirmeacha árachais seo a leanas:

(i) Foirm Thogra:

___

___

___

(ii) Foirm Éilimh:

___


___

___

**11.** Cuir na lipéid seo a leanas san ionad ceart ar an gcairt chun an Chairt Mheá ar Mheá thíos a chomhlánú:

Costais Sheasta **(CS)** Ioncam Iomlán **(I I)** An Pointe Meá ar Mheá **(PMM)**

**Cairt Mheá ar Mheá**




**12.** Déan liosta de na **trí** eilimint den Mheascadh (Cumasc) Margaíochta atá in easnamh:

(i) [ ]

(ii) [ ]

(iii) [ ]

(iv) **ÁIT**

**13.** Is liosta de *théarmaí gnó* atá i gcolún 1. Is liosta de *mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith* ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. (**Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh**.)

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |


| Colún 1: Téarmaí Gnó | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|
| **1.** Scairshealbhóirí | **A.** Ceannaíonn siad earraí agus seirbhísí lena n-úsáid iad féin. |
| **2.** Grúpaí Sainleasa | **B.** Baint aige le pleanáil, le heagrú agus le rialú gníomhaíochtaí i ngnólacht ó lá go lá. |
| **3.** Bord Stiúrthóirí | **C.** Soláthraíonn siad amhábhair a theastaíonn chun earraí a tháirgeadh. |
| **4.** Tomhaltóirí | **D.** Bíonn siad ina n-ionadaithe do dhaoine a bhfuil comhleas acu agus déanann siad stocaireacht ar ghnóthaí ar a son. |
| **5.** Soláthraithe | **E.** Déanann siad maoirseacht ar oibríochtaí /gníomhaíochtaí cuideachta. |
| | **F.** Infheistíonn siad airgead i ngnó agus déantar úinéirí díobh. |

**14.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an tAcht a rialaíonn an chaoi a ndéantar eolas faoi dhaoine a stóráil a chur in iúl:

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 ☐

An tAcht um Chosaint Sonraí 1988/2003 ☐

**15.** Comhlánaigh an struchtúr eagrúcháin feidhmiúil ag Cuideachta Phríobháideach Theoranta a bhfuil ceithre rannóg inti:




**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2 AGUS**
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

# CUID 1

| **DAOINE SA GHNÓ** |
|---|

## CEIST 1

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Ceannteideal**

Cheannaigh Ava Ní Dhorchaigh cluasáin ón siopa Ceannteideal Leictreonach ar €195.99. Tar éis coicíse, thosaigh an callaire ina cluas chlé ag léim agus ansin stop sé go hiomlán. D'fhill sí ar an siopa chun gearán a dhéanamh mar nach raibh na cluasáin de mhianach inmhargaidh.

**(A)** Luaigh an dlí a thugann cosaint do Ava sa chás seo. (10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál sásaimh a bhfuil Ava ina dteideal sa chás seo thuas. (15 mharc)

**(C)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bheadh ann dá dtabharfadh Ava a cás chuig Cúirt na Mionéileamh. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil na fógraí thíos mídhleathach faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998. (15 mharc)

1. **Fáilteoir Óstáin ag teastáil – ní mór duit a bheith i d'Éireannach agus Béarla líofa a bheith agat**

2. **Tiománaí veain ag teastáil chun earraí a sheachadadh ar fud na hÉireann – Tabharfar tosaíocht do thiománaí fir**

**(E)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste d'fhostaí as a bheith mar bhall de Cheardchumann.

(ii) Luaigh sampla **amháin** de Cheardchumann in Éirinn. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Google Ireland | facebook | twitter

Tá Google, Facebook, Twitter agus mórán eagraíochtaí móra eile san earnáil Threasach (Seirbhísí) tar éis a gcuid ceanncheathrúna Eorpacha a bhunú in Éirinn. Is é GFT Éireann an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as Cuideachtaí Ilnáisiúnta (MNC) a mhealladh go hÉirinn.

**(A)** Ainmnigh an **dá** earnáil/chatagóir eile sa tionsclaíocht eile agus luaigh sampla **amháin** de **gach** ceann díobh. (15 mharc)

**(B)** Déan liosta de na **ceithre** thoisc tháirgeachta agus mínigh ceann **amháin** díobh. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a lonnaítear cuideachtaí ilnáisiúnta (MNC) in Éirinn. (20 marc)

**(D)** Mínigh seirbhís **amháin** a sholáthraíonn GFT Éireann do chuideachtaí ilnáisiúnta ón gcoigríoch. (10 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a thugann cuideachtaí ilnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann. (15 mharc)

**(75 marc)**


## TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 3

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Caiteachas Rialtas na hÉireann in 2015**

Léiríonn an phíchairt thíos, an caiteachas Rialtais atá beartaithe in 2015 ar na cúig réimse caiteachais is mó:




**(A)** Déan liosta de **dhá** shampla de chaiteachas Rialtais ar an Oideachas. (10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis atá leis an leibhéal ard caiteachais ar Choimirce/Leas Shóisialta. (15 mharc)

**(C)** Déan liosta de **thrí** cháin a bhailíonn an Rialtas. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a dtéann ardú fostaíochta i bhfeidhm ar cháinaisnéis an Rialtais. (15 mharc)

**(E)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a thugann breis fostaíochta do pobal áitiúil. (20 marc)

**(75 marc)**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

*Bailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige*

Tá cinneadh déanta pobal Ghort na Fuinseoige cur isteach ar chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara tar éis don fhiontraí áitiúil, Alice Nic Gearailt, a mholadh go ndéanfaí sin. De bhrí go bhfuil stíl dhaonlathach cheannaireachta aici, ceapadh Alice mar Chathaoirleach ar Choiste na mBailte Slachtmhara agus treoróidh sí foirne uile na n-oibrithe deonacha chun a chuid cuspóirí a bhaint amach. Tionólfar an chéad chruinniú míosúil eile den choiste Dé hAoine, 26 Meitheamh 2015 ar 7.30 p.m., in Ionad Pobail Ghort na Fuinseoige, chun plé a dhéanamh ar fhoinsí airgeadais do na feabhsúcháin ar an bpáirc áitiúil.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar ról fiontraí. (10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh scileanna/tréithe fiontraíochta Alice dul chun sochair do Choiste Bhailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige. (15 mharc)

**(C)** Mínigh an difríocht idir ceannaire daonlathach agus ceannaire uathlathach. (15 mharc)

**(D)** Dréachtaigh an Fógra agus an Clár do chruinniú Choiste Bhailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige, a sheol an Rúnaí, Brian Ó Domhnaill. **(Ní mór go mbeadh ceithre mhír ar a laghad ar an gClár.)** (20 marc)

**(E)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hobair foirne. (15 mharc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 5

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**AnStorArachais.com**

Is bróicéir árachais é AnStorArachais.com atá lonnaithe i gcathair Chorcaí. Tá ochtar fostaithe ar an bhfoireann díolacháin acu san oifig i gCorcaigh. De bharr breis éilimh ar líne, tá siad ag earcú triúr eile faoi láthair don fhoireann díolacháin. Íoctar bunphá leis an bhfoireann díolacháin ar fad chomh maith le coimisiún agus faigheann siad sochar comhchineáil.

**(A)** Mínigh **dhá** chineál árachais a d'fhéadfadh AnStorArachais.com a dhíol lena gcuid custaiméirí. (15 mharc)

**(B)** Mínigh **dhá** cheann de na Prionsabail Árachais seo a leanas agus tabhair sampla **amháin** i n**gach** cás:
(i) Slánaíocht (ii) Leas Inárachais (iii) Meon Lánmhaith (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag *measúnóir* i gcúrsaí árachais. (10 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh/shlí chun fostaithe nua a earcú. (15 mharc)

**(E)** Mínigh na téarmaí *coimisiún* **agus** *sochar comhchineáil* agus tabhair sampla **amháin** i n**gach** cás. (15 mharc)

**(75 marc)**

**BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH**

## CEIST 6

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### *Gluaisteáin Mason Teo.*

Tá ionad díoltóireachta gluaisteán á reáchtáil ag David Mason i gContae Chill Dara. Díolann sé idir ghluaisteáin nua agus ghluaisteáin athláimhe, agus cuireann sé seirbhísí meicneora ar fáil. Faoi láthair, tá sé ag smaoineamh ar an ngnó a fhorbairt. Teastóidh airgeadas fadtéarmach uaidh don fhorbairt. Bhuail David lena Bhainisteoir Bainc áitiúil le déanaí agus chuir sé a Phlean Gnó i láthair.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag David Mason lena ghnó a fhorbairt. (15 mharc)

**(B)** Tá figiúirí an bhrabúis ghlain seo a leanas ar fáil do Ghluaisteáin Mason Teo. do tréimhse 2010-2014:

| **Bliain** | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Brabús Glan** | €90,000 | €70,000 | €60,000 | €100,000 | €120,000 |

Léirigh an t-eolas thuas ar bharrachairt. (Is ceadmhach duit grafpháipéar a úsáid.) (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cumarsáid amhairc, mar bharrachairt, a úsáid chun an t-eolas seo a chur i láthair an Bhainisteora Bainc. (15 mharc)

**(D)** Mínigh **dhá** fhoinse airgeadais fhadtéarmaigh d'fhéadfadh David Mason a úsáid lena ghnó a fhorbairt. (15 mharc)

**(E)** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil rialú stoic an-tábhachtach i nGluaisteáin Mason Teo. (15 mharc)

**(75 marc)**

**GNÓ I nGNÍOMH**

## CEIST 7

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### FeiriniLeanai.ie

Bhunaigh Amy Nic Dhomhnaill a gnó tar éis di a dara leanbh a bheith aici. Chonaic sí bearna sa mhargadh do bhronntanais phearsantaithe i gcomhair leanaí. Tar éis di taighde margaidh a dhéanamh, shocraigh sí dul i mbun déantúsaíochta agus iad a dhíol ar líne. Oibríonn sí ón mbaile anois agus dáileann sí a cuid táirgí ar chustaiméirí ar fud na hÉireann.




**(A)** Mínigh an téarma *spriocmhargadh*. (10 marc)

**(B)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann Amy as a cuid táirgí a dhíol ar líne. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a chaithfidh Amy a chur san áireamh sula socraíonn sí praghas a cuid táirgí. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le taighde margaidh a dhéanamh. (15 mharc)

**(E)** Mínigh an téarma *bealaí dáileacháin* agus dréachtaigh an bealach dáileacháin atá in úsáid ag FeiriniLeanai.ie. (15 mharc)

**(75 marc)**

**Tá Ceist 8 ar an gcéad leathanach eile.**

**BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH**

## CEIST 8

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



Athraíonn margadh na bhfón póca, na dtáibléad agus na ríomhairí pearsanta go tapa. Bíonn na cuideachtaí móra teicneolaíochta, mar Apple, Samsung agus Sony, de shíor ag teacht chun cinn le smaointe nua do ghléasanna, rud a chiallaíonn go dtéann na seanghléasanna as feidhm. Déantar taighde agus forbairt chostasach agus na gléasanna á gcruthú agus ansin déantar iad a olltáirgeadh don mhargadh domhanda.

**(A)** Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma *olltáirgeadh*, agus tabhair sampla **amháin**. (10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste do ghnólacht a bhaineann le brandáil. (20 marc)

**(C)** Dréachtaigh agus cuir lipéid ar Shaolré Táirge. (15 mharc)

**(D)** Mínigh an dá chéim seo a leanas i bPróiseas Forbartha Táirge:
- scagadh táirgí
- forbairt fréamhshamhla. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc nach mór do chuideachtaí teicneolaíochta a chur san áireamh sula roghnaíonn siad modh fógraíochta dá gcuid táirgí. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán